

Baineann Amgen Teach úsáid as ceardlanna oiliúna aghaidh ar aghaidh chun scileanna agus féinmhuinín a sholáthar d'oidoírí agus iad ag spreagadh daltaí le staidéar a dhéanamh ar an eolaíocht.

Tá Amgen Teach á mhaoiniú ag an Fhondúireacht Amgen agus á chomhordú ag European Schoolnet, agus ceapadh é le suim agus éachtaí daltaí san eolaíocht a neartú trí mheán múinteoirí meánscoile na n-eolaíochtaí beatha a dhéanamh níos inniúla ar straitéisí teagaisc ar bhonn fiosraithe a úsáid sa rang. Lainseáladh an clár sa bhliain 2014 agus ghlac breis is 4,000 múinteoir páirt ann go nuige seo agus meastar gur bhain tuairim is 530,000 dalta leas as go hindíreach mar sin.

Le linn na scoilbhliana 2018-2019, cuirfidh an clár ceardlanna oiliúna aghaidh ar aghaidh ar fáil i naoi dtír, mar aon le Cúrsa Ollmhór Ar Líne idirnáisiúnta (MOOC), agus pobal cleachtas ar líne agus seimineáir ghréasáin náisiúnta fosta.

Le linn na scoilbhliana 2018-19, díreofar an oiliúint aghaidh ar aghaidh ar mhúinteoirí a bhfuil taithí acu agus a ghlac páirt sa chlár cheana. Gheobhaidh na múinteoirí seo faill ar iarratas a chur isteach le bheith ina Sainmhúinteoirí Amgen Teach fosta. Is féidir go roghnófar múinteoirí fosta le dul le Líonra Eorpach Ambasadóirí Amgen Teach, agus gheobhaidh siad siúd oiliúint speisialta agus beidh siad ina n-ionadaithe náisiúnta agus idirnáisiúnta de chuid an chlár.

Ina theannta sin, cuireann Amgen ollstór uirlisí ar líne ar fáil mar thacaíocht don oideachas eolaíochta ar bhonn fiosraithe agus déanann sé éascaíocht ar mhalartuithe rialta idir mhúinteoirí. Tá an clár ag cur le héiceachóras cur chuige nuálach a fhorbairt san oideachas ar bhonn fiosraithe i scoileanna na hEorpa. Múinteoirí a bhfuil suim acu i bpáirt a ghlacadh in Amgen Teach, téidís chuig www.amgenteach.eu faoi choinne eolais bhreise agus le hiarratas a chur isteach.

“I ndiaidh dom Ceardlanna éagsúla de chuid Amgen Teach a chríochnú tháinig fíorfheabhas ar m'fhéinmhuinín agus ar m'ábaltacht oideachas ar bhonn fiosraithe a úsáid sa rang, nó gur shoiléir amach an dóigh ar dtaispeánadh na teicnící, rud a d'fhág go raibh sé an-fhurasta foghlaim agus teagasc na scileanna nua seo a sholáthar do mo chuid daltaí agus a thaispeáint do bhaill eile foirne.” – Miryam Winters, Éire

Soláthróirí Oiliúna Ceaptha:

An Ostair

science2school
ORSCHEN - LERNEN

An Bheilg

jeunes
scientifiques

Poblacht na Seice

VŠCHT PRAHA

An Fhrainc

Maison pour la
science
au service des enseignants

Éire

PDST
Professional Development
Service for Teachers | An tAidmheán na hÉireann
Department of Education

An Iodáil

INTELLIGENTE ITALIANA
NATIONALE INSEGNANTI SCIENZE
1978-1979

An Pholainn

WCIES

An Spáinn

FCRI
Fundació Catalana per a la
Recerca i la Innovació

An Tuirc

KALKINMA
ATÖLYESİ